**Iarraidh ar réamhrialú ón Corte suprema di cassazione (an Iodáil), arna taisceadh an 11 Márta 2022 – IB v Regione Lombardia, Provincia di Pavia**

**(Cás C-196/22)**

(2022/C 213/44)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Corte suprema di cassazione

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* IB

*Cosantóirí:* Regione Lombardia, Provincia di Pavia

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcuirtear cosc le forálacha Rialachán (CEE) Uimh. 2080/92 ón gComhairle an 30 Meitheamh 1992 ([1]) lena gcuirtear scéim cabhrach comhphobail i gcrích le haghaidh beart foraoiseachta sa talmhaíocht, gan foráil a dhéanamh, áfach, do chóras dícháilithe agus pionóis, agus forálacha Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 an 18 Nollaig 1995 ([2]) maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint á gcur san áireamh, foráil den dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm, lena bhforáiltear, le linn forálacha Rialachán (CEE) Uimh. 2080/92 a chur chun feidhme, i gcás neamhrialtachtaí a fuarthas le linn cabhair a dheonú, maidir le dícháiliú ón gcabhair sin a fháil agus maidir le haisíoc na méideanna arna bhfáil ar an mbonn sin?

2. I gcás freagra diúltach ar an gcéad cheist, an gcuirtear cosc le forálacha Rialachán (CEE) Uimh. 2080/92 ón gComhairle an 30 Meitheamh 1992 lena gcuirtear scéim cabhrach comhphobail i gcrích le haghaidh beart foraoiseachta sa talmhaíocht, agus forálacha Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 an 18 Nollaig 1995 agus prionsabail na cothromais agus na comhréireachta dá dtagraítear san ochtú haithris den Rialachán sin á gcur san áireamh, foráil den dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm, lena bhforáiltear, le linn forálacha Rialachán (CEE) Uimh. 2080/92 a chur chun feidhme, i gcás neamhrialtacht arna fáil amach le linn cabhair a dheonú, maidir le dícháiliú ón gcabhair sin a fháil agus maidir le haisíoc na méideanna arna bhfáil ar an mbonn sin nuair a bheidh an limistéar athfhoraoisithe nó feabhsaithe 20 % níos lú ná an limistéar a cháiligh don chabhair agus ar a bhfuarthas an phréimh ina leith?

3. I gcás freagra diúltach ar an [gcéad cheist], an gcuirtear cosc le forálacha Rialachán (CEE) Uimh. 2080/92 ón gComhairle an 30 Meitheamh 1992 lena gcuirtear scéim cabhrach comhphobail i gcrích le haghaidh beart foraoiseachta sa talmhaíocht, agus forálacha Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995, á gcur san áireamh, ar chur i bhfeidhm cúlghabhálach forála den dlí náisiúnta lena bhforáiltear, agus forálacha Rialachán Uimh. 2080/92 á gcur chun feidhme, i gcás neamhrialtacht arna fáil amach le linn cabhair a dheonú, maidir le dícháiliú ón gcabhair sin a fháil agus maidir le haisíoc na méideanna arna bhfáil ar an mbonn sin?

4. I gcás freagra diúltach ar an [gcéad cheist], an gcuirtear cosc le forálacha Rialachán (CEE) Uimh. 2080/92 ón gComhairle an 30 Meitheamh 1992 lena gcuirtear scéim cabhrach comhphobail i gcrích le haghaidh beart foraoiseachta sa talmhaíocht, agus forálacha Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 á gcur san áireamh, ar léirmhíniú ar fhoráil den dlí náisiúnta lena bhforáiltear, agus forálacha Rialachán Uimh. 2080/92 á gcur chun feidhme, i gcás neamhrialtacht arna fáil amach le linn cabhair a dheonú, maidir le dícháiliú ón gcabhair sin a fháil agus maidir le haisíoc méideanna arna bhfáil ar an mbonn sin, sa chiall go gceanglaítear ar an tairbhí an méid iomlán a fuarthas a aisíoc ar an mbonn sin sa chiall go gceanglaítear ar an tairbhí an méid iomlán arna fháil a aisíoc ar an mbonn sin agus ní hamháin na méideanna a aisíoc don bhliain inar fuarthas amach an neamhrialtacht i ndeonú na cabhrach?

([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 2080/1992 ón gComhairle an 30 Meitheamh 1992 lena gcuirtear scéim cabhrach comhphobail i gcrích le haghaidh beart foraoiseachta sa talmhaíocht (IO L 215, L 215, lch. 96).

([2]) Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, L 312, lch. 1).